Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0252(BUD)**

**14475/24 ADD 1**

**FIN 903**
**PE-L 27**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14348/24 (COM(2024) 650 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach uimh. 5 a ghabhann le buiséad ginearálta 2024: Coigeartuithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, nuashonrú ar ioncam agus nuashonruithe teicniúla eile<br>– *Ráiteas ón tSeicia*, ón *Danmhairg*, ón n*Gearmáin*, ón *Eastóin*, ó *Éirinn*, ón *bhFrainc*, ón *Ísiltír*, ón *Ostair*, ón *bPolainn*, ón *bhFionlainn* agus ón *tSualainn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis seo, an ráiteas comhpháirteach ón tSeicia, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bPolainn, ón bhFionlainn agus ón tSualainn.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Ráiteas comhpháirteach ón tSeicia, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bPolainn, ón bhFionlainn agus ón tSualainn</u>**

Tugann <u>an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn</u> dá n-aire gur cheart caiteachas riaracháin a mhaoiniú laistigh den chaiteachas rialta faoi cheannteideal 7 gan dul ar iontaoibh ionstraimí speisialta. Is cúis áthais dúinn a fheiceáil go raibh naoi n-institiúid in ann na riachtanais bhreise maidir le caiteachas tuarastail a chumhdach trí ath-imlonnuithe i ndréachtbhuiséad leasaitheach 5/2024. Ag an am céanna, is oth linn a fheiceáil go raibh Coiste na Réigiún ar an aon institiúid nár chuir maoiniú ar fáil do na riachtanais bhreise trí ath-imlonnuithe.